



An Bhruiséil, 30 Samhain 2017
(OR. en)

15175/17

LIMITE

FISC 320
ECOFIN 1064

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14843/17
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachas ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh' • Glacadh

1. Ar thionscnamh na hUachtaránachta féin, chuir sí tús le plé ar na dúshláin a bhaineann le cánachas ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh ag an gcrúinniú a bhí ag Meitheal Ardleibhéil na Comhairle maidir le saincheisteanna cánach (anseo feasta "HLWP") ar an 4 Iúil 2017.
2. I bhfianaise na tacaíochta a fuarthas ó na toscaireachtaí, sheol an Uachtaránacht tacar de sheisiúin phlé theicniúla leantacha ar leibhéal na Meithle um cheisteanna cánach ("WPTQ" anseo feasta) faoi choincheap na buanbhunaíochta fíorúla, mionsonraí sonracha gheilleagar na comhroinnte agus luacháil sonraí chun críocha cánach. Ina theannta sin, rinneadh na saincheisteanna sin a phlé ag an gcrúinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag Comhairle ECOFIN ar an 16 Meán Fómhair 2017 i dTaillinn.
3. D'eascair roinnt forbairtí comhthreomhara as an tionscnamh seo:
 - a) Sheol an tUachtarán Juncker litir intinne chuig an Uachtarán Tajani agus chuig Príomh-Aire Ratas na hEastóine ar an 13 Meán Fómhair 2017 i gcomhthéacs a aithisc faoi "staid an aontais" don bhliain 2017, inar fhógair sé go mbeadh togra reachtach á dhéanamh in Earrach 2018 chun rialacha a leagan amach ar leibhéal an Aontais lena bhféadfaí cáin a ghearradh ar bhrabúis á nginiúint ag corparáidí ilnáisiúnta tríd an ngeilleagar digiteach;

- b) Shínigh 10 n-aire airgeadais de chuid an Aontais ráiteas polaitiúil ('Joint initiative on the taxation of companies operating in the digital economy' [Tionsnamh comhpháirteach i ndáil le cánachas ar chuideachtaí a ghníomhaíonn sa gheilleagar digiteach]) lenar tacaíodh le réitigh éifeachtacha a bheadh ag teacht le dlí an Aontais "*bunaithe ar an gcoincheap go mbunófaí 'cáin chomhionannaitheach' mar a tugadh uirthi, a ghearrfaí ar an láimhdeachas arna ghiniúint san Eoraip ag na cuideachtaí digiteacha*".
- c) D'eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le 'Fair and Efficient Tax System in the European Union for the Digital Single Market' [Córas Cothrom Éifeachtúil Cánach san Aontas Eorpach don Mhargadh Aonair Digiteach] (12429/17) ar an 21 Meán Fómhair 2017;
4. Chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún na hairí ar an eolas faoi na forbairtí thuas ag an gcrúinniú a bhí ag Comhairle ECOFIN ar an 10 Deireadh Fómhair 2017.
5. Ar deireadh, mar thoradh ar an gCrúinniú Mullaigh Digiteach i dTaillinn an 29 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Eorpach na Conclúidí ón 19 Deireadh Fómhair 2017 (EUCO 14/17) inar leagadh béim "*ar an ngá atá le córas cánachais cothrom agus éifeachtach a bheadh oiriúnach don ré dhigiteach*".
6. Agus í feasach ar an gcúlra seo, thólaic an Uachtaránacht, don chruinniú a bhí ag HLWP ar an 27 Deireadh Fómhair, an chéad dréacht de chonclúidí ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachas ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh', agus trí chuspóir shonracha aici leis:
- a) ionchur a sholáthar don phlé comhthreomhar ag OECD maidir lena thuarascáil eatramhach chuig airí airgeadais G20 (mí Aibreáin 2018);
- b) obair leantach a dhéanamh ar na conclúidí thuasluaite ón gComhairle Eorpach; agus
- c) treoir a chur ar fáil don Choimisiún sula dtiocfaidh an togra reachtach uaidh (a bhfuiltear ag súil leis go luath in 2018).
7. Ina dhiaidh sin, pléadh na dreachtchonclúidí sin ón gComhairle ag an gcrúinniú de WPTQ a bhí ann ar an 8 Samhain, i gcrúinniú na nAtaiséanna Fioscacha a bhí ann ar an 13 agus 20 Samhain, chomh maith leis an gcrúinniú de HLWP ar an 23 Samhain 2017.
8. Ag an gcrúinniú a bhí ag COREPER ar an 29 Samhain 2017, dhearbhaigh na toscaireachtaí go raibh siad ar aon fhocal maidir leis an dréacht is déanaí de na conclúidí ón gComhairle (14769/17).

II. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

9. Dá bhrí sin, moltar don Comhairle ECOFIN i mí na Nollag na dréacht-Chonclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach iad san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
-

(Dréacht-)Chonclúidí ón gComhairle maidir le

'Freagairt do dhúshláin chánachas ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 agus an 23 Meitheamh 2017, inar léiríodh gur ghá cur chuige 'iomlánaíoch' a ghlacadh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an digitiú agus úsáid a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an 4ú réabhlóid thionsclaíoch;
2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé a bhí ann le déanaí faoin ábhar ag an gcrúinniú mullaigh neamhfhoirmiúil de ECOFIN, ar chruinniú mullaigh neamhfhoirmiúil digiteach é freisin, i mí Mheán Fómhair 2017, mar aon leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair maidir le 'Fair and Efficient Tax System in the European Union for the Digital Single Market' [Córas Cothrom Éifeachtúil Cánach san Aontas Eorpach don Mhargadh Aonair Digiteach] (12429/17), a chuireann leis an méid a bhí sa tuarascáil, *inter alia*, ón Sainghrúpa um Chánachas ar an nGeilleagar Digiteach ó mhí na Bealtaine 2014;
3. AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Deireadh Fómhair 2017 (EUCO 14/17):
 - a) inar cuireadh i bhfáth a riachtanaí atá sé córas éifeachtach, cothrom cánach a bheith ann a bheadh oiriúnach don ré dhigiteach;
 - b) inar cuireadh i bhfios go láidir gur den tábhacht go n-áiritheofaí go n-íocann gach cuideachta a cion cothrom cánach agus go dtabharfaí cothrom na Féinne do chách ar an leibhéal domhanda, ar aon dul leis an obair atá á déanamh faoi láthair ag OECD; agus
 - c) inar iarradh ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tsaincheist sin agus súil aici le tograí iomchuí ón gCoimisiún faoi thús na bliana 2018;
4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go meastar gur cheart go dtabharfadh cur chun feidhme mhíreanna gníomhaíochta OECD BEPS aghaidh, ar an mórgóir, ar shaincheisteanna BEPS atá tar éis dul in olcas i ngeall ar an ngeilleagar digiteach agus MOLANN SÍ go leanfar lena gcur chun feidhme ar fud gach tíre agus, i gcás inarb iomchuí, ar leibhéal an Aontais;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar an dúshlán arb ann dó go fóill chun a áirithiú go n-oireann na rialacha idirnáisiúnta cánach do na hearnálacha digiteacha agus do na hearnálacha níos traidisiúnta den gheilleagar araon, a bhfuil níos mó i gceist leo ná seachaint cánach agus imghabháil cánach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS an phráinn a bhaineann le cothrom na Féinne do chách a áirithiú, mar aon lena áirithiú go n-íocann gnólachtaí an gheilleagair dhigitigh a gcion cothrom cánach sa dlínse cheart, d'fhonn go mbeadh coinníollacha comhionanna ag gach gnólacht chun an margadh inmheánach a fhás agus a fhorbairt;
6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an cuspóir beartais chánach chun a áirithiú go n-íocann cuideachtaí atá i mbun gnó san Aontas cánacha sna tíortha ina gcruthaítear an luach i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus a dhílseacht do phrionsabail an chánachais idirnáisiúnta, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den tábhacht scrúdú a dhéanamh ar chruthú luacha agus ar nósanna imeachta maidir le brabús a ghiniúint, rud atá ar bun ag an OECD faoi láthair, lena ndírítear ar fhreagairtí leordhóthanacha beartais a chur le chéile;
7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí inniúlachtaí na mBallstát i dtaca le coinbhinsiúin a thabhairt i gcrích chun cánachas dúbailte a sheachaint;

Na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an digitiú

8. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an tionchar dearfach eacnamaíoch a bhíonn ag an nuálaíocht a bhaineann le digitiú an gheilleagair agus a riachtanaí atá sé gan an bonn a bhaint ón acmhainneacht shonraíoch fáis sin;
9. AONTAÍONN SÍ go ndearna an digitiú trádáil trasteorann a éascú agus borradh a chur fúithi agus go mbíonn tionchar aige, idir mór agus beag, ar an ngeilleagar ina iomláine, le réitigh teicneolaíochta sofaisticiúla amhail an néalríomhaireacht, mórshonraí, róbataic nó leathanbhanda ardluais;
10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil coincheap na buanbhunaíochta, in éineacht leis na rialacha maidir le praghsáil aistrithe agus le leithdháileadh na mbrabús, ar cheann de na prionsabail bhunriachtanacha i gcónaí don leithdháileadh domhanda ar chearta cánachais maidir le brabúis;
11. TUGANN SÍ FAOI DEARA áfach, go bhfuil teacht chun cinn an gheilleagair dhigitigh, a bhfuil an láithreach dhigiteach mar bhunchloch aige, ag tabhairt dúshláin don choincheap sin, lena ndírítear ar an láithreach fhisiciúil, rud is siocair le mí-ailíniú idir brabúis is incháinithe agus an áit a gcruthaítear an luach i gcásanna áirithe;

12. MEASANN SÍ, i gcás ina mbíonn gnólacht i mbun gníomhaíochtaí suntasacha i ndlínse ach nach mbíonn sé láithreach go fisiciúil inti, nár cheart go gcuirfeadh sin cosc ar an ngnólacht, *per se*, gan a bheith faoi réir cáin ar an mbrabús a ghin sé sa dlínse sin, ar choinníoll go mbainfear úsáid as cruthú luacha cumarphointe atá iomchuí agus prionsabal an fheidhmithe neamhspleách á chur san áireamh;

Na rialacha idirnáisiúnta cánach a athbhreithniú

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS sa chomhthéacs sin a phráinní atá sé teacht ar chomhaontú maidir le freagairt beartais chánach do dhúshláin cánachas dhírigh an gheilleagair dhigitigh ar an leibhéal idirnáisiúnta;
14. CUIREANN SÍ I bhFÁTH agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cáin a ghearradh ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh gur cheart gur den rithábacht i gcónaí gurbh ann do shainmhíniú a nglacfaí leis ar an leibhéal domhanda agus do na rialacha i ndáil le praghsáil aistrithe agus sannadh brabúis lena mbaineann;
15. CUIREANN SÍ I bhFIOS le prionsabal na neodrachta cánach i gcás na roghanna beartais chánach agus na rialacha cánach gur cheart go ndéanfaí foráil do chóireáil chomhchosúil a bheith ann i gcásanna inchomparáide;
16. TÁ SÍ DEN TUAIRIM leis na roghanna ginearálta beartais dá bhforáiltear sna conclúidí atá ann faoi láthair go gcuimseofar na dúshláin a bhaineann le geilleagar na comhroinnte i réimse na cánach corparáide;
17. TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur cheart an méid seo a leanas a fhiosrú: cumarphointe iomchuí i bhfoirm buanbhunaíocht fhíorúil a bheith ann, mar aon le haon leasuithe is gá a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le praghsáil aistrithe agus sannadh brabúis, lena gcuirfí san áireamh an áit a gcruthaítear luach sna samhlacha éagsúla gnó den gheilleagar digiteach;
18. MEASANN SÍ go bhféadfar an méid seo a leanas a fhiosrú a thuilleadh: a thábhachtaí agus a indéanta atá gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaobh an chumarphointe iomchuí sin, amhail na cinn dá dtagraítear i tuarascáil OECD BEPS maidir le Gníomh 1 (ioncam-bhunaithe, úsáideoir-bhunaithe agus gnéithe digiteacha);
19. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sonraí éagsúla, lena n-áirítear sonraí úsáideoirí, chun go mbeadh luach á chruthú ag an ngeilleagar digiteach ó thaobh brabúis a ghiniúint, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an ról a bhíonn ag na sonraí a mheas agus measúnú a dhéanamh air sin i gcomhthéacs na rialacha a bhaineann leis an bpraghsáil aistrithe agus sannadh brabúis;

20. MOLANN SÍ GO LÁIDIR go ndéanfaidh na hardáin dhigiteacha agus na margaí ar líne faisnéis ábhartha a thuairisciú do na húdaráis iomchuí chánach, agus an fhaisnéis sin a aistriú idir dlínsí freisin i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta cánach, agus TUGANN SÍ CUIREADH don Choimisiún agus do OECD a fhiosrú a thuilleadh na teorannacha a bhaineann leis na deiseanna a eascraíonn as comhar den sórt sin maidir le comhlíonadh cánach, lena n-áirítear laistigh de gheilleagar na comhroinnte;

Iarratais ar ghníomhaíocht dhomhanda

21. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den tábhacht a áirithiú go n-íocann gach cuideachta a cion cothrom cánach agus go dtabharfaí cothrom na Féinne do chách agus MOLANN SÍ GO LÁIDIR i ndáil leis sin dlúthchomhar a bheith ann idir an tAontas, OECD agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun freagairt do na dúshláin a bhaineann le cáin a ghearradh ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh;
22. ÁITÍONN SÍ ar OECS réitigh iomchuí a aimsiú chun líonra domhanda na gcoinbhinsiún um chánachas dúbailte a uasghrádú, a shamhailchoinbhinsiún gona thráchtairreachtaí a leasú, chomh maith lena Threoirlínte maidir le Praghsáil Aistrithe agus lena Threoir maidir le sannadh na mbrabús i leith buanbhunaíochtaí a leasú, chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda, agus mír 13 go 19 de na conclúidí mar atá á gcur san áireamh;

Gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais

23. AITHNÍONN SÍ an luas ag a bhfuil an geilleagar féin á dhigitiú agus nach bhfuil aon chomhaontú idirnáisiúnta ann faoi nuachóiriú na rialacha a bhaineann le leithdháileadh cearta cánachais, rud is cúis le gníomhaíochta aontaobhacha, as a dtagann méadú ar líon na ndíospóidí maidir le cánacha dúbailte idir na Ballstáit, a fhágann go mbaintear an bonn ón margadh inmheánach ar an gcaoi sin;
24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún mír 13 go 20 de na conclúidí mar atá a chur san áireamh agus é ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cáin a ghearradh ar bhrabúis sa gheilleagar digiteach ach, AIRD A THABHAIRT, mar sin féin ar an spéis atá ag cuid mhaith Ballstát bearta sealadacha a bheith ann, mar shampla tobhach um chomhionannú bunaithe ar ioncaim ó ghníomhaíochta digiteacha san Aontas a bheadh lasmuigh de raon feidhme coinbhinsiún um chánacha dúbailte arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit, TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhféadfaidh an Coimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar na bearta sin freisin;

25. Agus í á chur i dtreis gur fearr léi réiteach domhanda a bheith ann, TÁ SÍ AG SÚIL le tograí iomchuí ón gCoimisiún faoi thús na bliana 2018, ina gcuirtear san áireamh na forbairtí ábhartha a bhaineann leis an obair atá ar bun ag OECD, agus tar éis measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé go dlíthiúil agus go teicniúil agus ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag na freagairtí féideartha ar na dúshláin a bhaineann le cáin a ghearradh ar bhrabúis an gheilleagar dhigitigh;
26. DÉANFAIDH SÍ A DÍCHEALL dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta amach anseo agus freagairtí iomchuí a mheas.
-